**Cuntas Leithreasa 2014**

# Vóta 32

# Post, Fiontar agus Nuálaíochta

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 32, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

I gcomhréir leis an gceanglas seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe faoi riar na hOifige sin, chun fóirdheontais, deontais agus deontais i gcabhair áirithe a íoc, agus chun deontais áirithe a íoc faoi na scéimeanna atá teoranta ó thaobh airgid thirim de.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2014 lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair um chaiteachas i gcomhair na bliana, agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2014, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2013, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir leis an méid a bheidh le tabhairt suas a iarchur.

Dlitear barrachas €38.76 milliún a ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, tabharfar €20 millíun anonn lena chaitheamh in 2014 agus géillfear €18.76 millíun don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 mar chuid den chuntas.

### *Aistriú feidhmeanna*

Faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Forfás a Dhíscaoileadh) 2014, díscaoileadh Forfás ar 1 Lúnasa 2014. Faoi fhorálacha an Achta, aistríodh gach ceann de na feidhmeanna, na hoibríochtaí, na sócmhainní agus na dliteanais a bhí ag Forfás chuig Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta nó chuig comhlachtaí eile Stáit.

I mí Dheireadh Fómhair 2014, d'fhormheas an Rialtas aistriú na freagrachta as cur chun feidhme an Achta um Chonarthaí Foirgníochta 2013 ón an tÁire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe cuntasaíochta caighdeánacha agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

### *Freagracht as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais*

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na heilimintí seo a leanas ina gcuid de:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras um rialú inmheánach airgeadais

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistíochta sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistíochta sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC.
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.
- Cinntíonn an Roinn go mbíonn fócas cuí ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad. Tá an Roinn comhlíontach, gan cúig chonradh a bronnadh gan tairiscint iomaíoch arb ionann a luach iomlán agus €174,795 a áireamh. Cuireadh sonraí ina leith ar fáil don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i dtuairisceán Chiorclán 40/2002. Tá conarthaí curtha i bhfeidhm agus á gcur i bhfeidhm ag an Roinn, nuair is cuí, le haghaidh na seirbhísí sin sa todhchaí.

***Rioscaí suntasacha airgeadais***

Is féidir liom a dheimhniú gur athbhreithnigh mé clár rioscaí ardleibhéil na Roinne agus na rialuithe comhfhreagracha atá i bhfeidhm chun na rioscaí a sainaithníodh a mhaolú.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn/Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne/Oifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d’aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**John Murphy**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

27 Márta 2015

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 32 Post, Fiontar agus Nuálaíochta

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 32 Post, Fiontar agus Nuálaíochta don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 32 Post, Fiontar agus Nuálaíochta don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

15 Meán Fómhair 2015

# Vóta 32 Post, Fiontar agus Nuálaíochta
# Cuntas Leithreasa 2014

| | | | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas clár** | | | | | |
| A | Forbairt Post agus Fiontar | | | | |
| | *Bunaidh* | 360,555 | | | |
| | *Tabhairt suas iarchurtha* | 6,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,019) | 365,536 | 337,824 | 359,143 |
| B | Nuálaíocht | | | | |
| | *Bunaidh* | 340,367 | | | |
| | *Tabhairt suas iarchurtha* | 17,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,338 | 358,705 | 357,370 | 359,714 |
| C | Rialáil | | | | |
| | *Bunaidh* | 80,100 | | | |
| | *Forlíontach* | (318) | 79,782 | 70,366 | 73,092 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 781,022 | | | |
| | *Tabhairt suas iarchurtha* | 23,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | **804,023** | **765,560** | **791,949** |
| | *Bain as* | | | | |
| D | **Leithreasaí i gcabhair** | | **48,948** | **49,248** | **51,295** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 732,074 | | | |
| | *Tabhairt suas iarchurtha* | 23,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | **755,075** | **716,312** | **740,654** |

**Barrachas le tabhairt suas**

Tá barrachas na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilleadh don Státchiste. Is féidir dílsithe neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas | 38,763,031 | 44,935,290 |
| Tabhairt suas iarchurtha | (20,000,000) | (23,000,000) |
| Barrachas le tabhairt suas | 18,763,031 | 21,935,290 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | | | | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastal, pá agus liúntais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 19,901 | | | |
| | | *Breise* | 2,058 | 21,959 | 22,032 | 21,145 |
| ii | Taisteal agus cothú | | | 632 | 555 | 551 |
| iii | Costais oiliúna agus forbartha agus theagmhasacha | | | 855 | 785 | 475 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | 587 | 408 | 458 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | | | 3,763 | 3,403 | 3,035 |
| vi | Costais eile oifige | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,033 | | | |
| | | *Breise* | 648 | 2,681 | 2,310 | 629 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaí | | | 1,210 | 1,083 | 29 |
| viii | Acmhainní fógraíochta agus faisnéise | | | 211 | 106 | 84 |
| | *Uachtaránacht an AE* | | | — | — | *1,338* |
| | | | | 31,898 | 30,682 | 27,744 |

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2014

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas clár | | 734,878 | 764,206 |
| Pá | | 22,032 | 21,693 |
| Neamhphá | | 8,650 | 6,050 |
| **Ollchaiteachas** | | **765,560** | **791,949** |
| *Bain as* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **49,248** | **51,295** |
| **Glanchaiteachas** | | **716,312** | **740,654** |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin in airgead tirim | (902) | | |
| Dímheas | 1,811 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 6 | | |
| | | 915 | 1,301 |
| **Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | (1,239) | (862) |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (934) | | |
| Méadú ar stoc | 30 | | |
| | | (904) | (247) |
| **Caiteachas díreach** | | **715,084** | **740,846** |
| **Caiteachas a bhí de mhuirear ar áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (airgead tirim) (nóta 1.1) | | 22,601 | 21,400 |
| Measchíosanna (neamhairgid) (nóta 1.2) | | 1,452 | 1,667 |
| **Glanchostas clár** | | **739,137** | **763,913** |

**1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara**

Tá glansuim an chaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 32 a iompraíodh in áiteanna eile.

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 67 | 60 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | m | 15,982 | 14,205 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 6,229 | 6,882 |
| Lárchiste - pinsin Airí | m | 323 | 253 |
| | | 22,601 | 21,400 |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

**1.2 Measchíos**

Chuir Oifig na nOibreacha Poiblí an figiúr measchíosa le chéile bunaithe ar phraghsanna reatha cíos margaidh. Baineann an figiúr measchíosa le dhá réadmhaoin atá á n-áitiú ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

## 2 An Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2014

| | Nóta | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 6,762 | 6,665 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.3 | 354 | 122 |
| | | **7,116** | **6,787** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 22,212 | 23,782 |
| Stoic | 2.5 | 209 | 239 |
| Réamhíocaíochtaí | | 1,063 | 826 |
| Ioncam fabhraithe | | 1,381 | 1,248 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.6 | 2,136 | 1,420 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **27,001** | **27,515** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 285 | 677 |
| Ioncam iarchurtha | | 1,172 | 1,344 |
| Iarmhéideanna eile sochair | 2.7 | 4,522 | 2,245 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | 19,826 | 22,958 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **25,805** | **27,224** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **1,196** | **291** |
| **Glansócmhainní** | | **8,312** | **7,078** |
| **Ionadaithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.1 | **8,312** | **7,078** |

| **2.1 Cuntas Maoinithe Stáit** | **Nóta** | | **2014** | **2013** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 7,078 | 7,266 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 755,075 | | |
| Tabhairt suas iarchurtha | Cuntas | (20,000) | | |
| Barrachas le tabhairt suas | Cuntas | (18,763) | | |
| Glanvóta | | | 716,312 | 740,654 |
| Glansócmhainní arna n-aistriú ó Fhorfás/An Roinne Dlí agus Ceart agus Comhionannas | 2.2 | | 5 | 5 |
| Coigeartú /(Caillteanas) ar dhiúscairt sócmhainní | 2.2 | | 1 | (1) |
| Caiteachas (airgead tirim) a bhí de mhuirear ar áit eile | 1 | | 22,601 | 21,400 |
| Caiteachas neamhairgid thirim - measchíos | 1 | | 1,452 | 1,667 |
| Glanchostas clár | 1 | | (739,137) | (763,913) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **8,312** | **7,078** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2014 | 35,702 | 6,679 | 42,381 |
| Aistrithe ó Fhorfás[a] | 578 | 31 | 609 |
| Breiseanna | 1,872 | 37 | 1,909 |
| Diúscairtí | (3,712) | (46) | (3,758) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2014 | 34,440 | 6,701 | 41,141 |
| | | | |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2014 | 29,218 | 6,498 | 35,716 |
| Aistrithe ó Fhorfás[a] | 573 | 31 | 604 |
| Dímheas don bhliain | 1,765 | 46 | 1,811 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (3,706) | (46) | (3,752) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2014 | 27,850 | 6,529 | 34,379 |
| | | | |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2014** | **6,590** | **172** | **6,762** |
| | | | |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2013** | **6,484** | **181** | **6,665** |

[a] Aistríodh trealamh TFC agus troscán agus feistis chuig an Roinn seo tar éis dhíscaoileadh Fhorfás le héifeacht ón 1 Lúnasa 2014.

**2.3 Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt**

| | Feidhmiúcháin ríomhaire inmheánacha |
|---|---|
| | **€000** |
| Méideanna arna dtabhairt ar aghaidh amhail an 1 Eanáir 2014 | 122 |
| Íocaíochtaí airgid thirim sa bhliain[a] | 1,411 |
| Tugtha in úsáid sa bhliain | (1,179) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014 | 354 |

[a] Baineadh úsáid as maoiniú an AE a bhí cothrom le €172,420 chun sócmhainní TFC a ghnóthú faoi thionscadail an Chiste Comhair Paitinní.

| **2.4 Banc agus Airgead Tirim** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid PMG | 22,212 | 22,833 |
| Iarmhéid cuntas bainc thráchtála | — | 952 |
| Orduithe gan íoc | — | (3) |
| | 22,212 | 23,782 |

| **2.5 Stoic** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Páipéarachas | 144 | 164 |
| Soláthairtí TF | 49 | 60 |
| Ábhair ghlantóireachta | 16 | 15 |
| | 209 | 239 |

| **2.6 Iarmhéideanna Eile Dochair** | | **2014** | **2013** |
|---|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** | **€000** |
| Réamhíocaíochtaí le OOP | | 184 | 209 |
| Iarmhéideanna ilghnéitheacha dochair | | 1,385 | 427 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe maidir le: | | | |
| Taisteal | 346 | | |
| Seirbhísí roinnte | 216 | | |
| Cnapshuimeanna pinsin | 5 | | |
| | | 567 | 784 |
| | | 2,136 | 1,420 |

| **2.7 Iarmhéideanna Eile Sochair** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Méideanna dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 966 | 53 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 373 | 60 |
| Tobhach Ioncaim | 8 | — |
| Cáin Shiarchoinneálach Seirbhísí Gairmiúla | 154 | 68 |
| Cáin Bhreisluacha ar éadálacha laistigh den AE | 53 | 8 |
| | 1,554 | 189 |
| Iarmhéideanna ilghnéitheacha sochair | 2,968 | 2,056 |
| | 4,522 | 2,245 |

| **2.8 Glandliteanas don Státchiste** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Barrachas le tabhairt suas | 18,763 | 21,935 |
| Tabhairt suas iarchurtha | 20,000 | 23,000 |
| Deontas Státchiste neamhtharraingthe | (18,937) | (21,977) |
| Glandliteanas don Státchiste | 19,826 | 22,958 |
| **Ionadaithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 22,212 | 23,782 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2,136 | 1,420 |
| | 24,348 | 25,202 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,554) | (189) |
| Iarmhéideanna sochair eile | (2,968) | (2,055) |
| | (4,522) | (2,244) |
| | 19,826 | 22,958 |

| **2.9 Ceangaltais** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **(a) Ceangaltais dhomhanda** | | |
| Fo-mhírchinn soláthair | 1,586 | 2,147 |
| Fo-mhírchinn deontais[a] | 1,453,199 | 1,309,880 |

[a] Cuimsíonn sé caiteachas ó ioncam acmhainní féin.

**(b) Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla os cionn €6.35 milliún**

| | | | | **2014** | **2013** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Caiteachas Carnach go dtí an 31 Nollaig 2013[a]** | **Caiteachas** | **Blianta ina dhiaidh sin** | **Tionscadal Iomlán** | **Tionscadal Iomlán** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| GFT Éireann | 156,810 | 20,390 | 89,000 | 266,200 | 308,600[b] |
| Fiontraíocht Éireann | 149,300 | 50,493 | 208,126 | 407,919 | 322,659 |
| An Clár um Fhorbairt Eolaíochta agus Teicneolaíochta | 205,447 | 68,522 | 327,797 | 601,766 | 503,616 |
| Clár do Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRLTI) | 79,572 | 16,266 | 77,236 | 173,074 | 194,398 |
| | 591,129 | 155,671 | 702,159 | 1,448,959 | 1,329,273 |

[a] Ní chuireann sé tionscadail a cuireadh i gcrích faoi dheireadh 2013 san áireamh.

[b] Tar éis athbhreithnithe a cuireadh i gcrích ag ÚFT maidir le taifeadadh ceangaltas, aithníodh go ndearnadh áibhéil ar luach iomlán thionscadal 2013 faoi €65,400,000 ós rud é nár fágadh tionscadail a cuireadh i gcrích i 2012 agus i mblianta roimhe sin as an méid iomlán.

**Athruithe suntasacha**

Tá míniú tugtha thíos sa chás gur tháinig méadú nó a laghdú níos mó ná €500,000 ar cheangaltais ilbhliantúla ó 2013 go 2014.

| **Gníomhaireacht/clár** | **Méid an méadú/(laghdú) €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| GFT Éireann | (42,400) | Tar éis athbhreithnithe a cuireadh i gcrích ag ÚFT maidir le taifeadadh ceangaltas, aithníodh go ndearnadh áibhéil ar luach iomlán thionscadal 2013 faoi €65,400,000 ós rud é nár fágadh tionscadail a cuireadh i gcrích i 2012 agus i mblianta roimhe sin as an méid iomlán. Deonadh trí fhaomhadh mhóra deontais (ar luach iomlán €22.5 milliún) i 2014. Bhain dhá chinn de na faofaí deontais le tionscadail chaipitil (€7.5 milliún an ceann). Bhain an tríú faomhadh le tionscadal caipitil taighde agus oiliúna (€7.5 milliún). |

| Gníomhaireacht/clár | Méid an méadú/(laghdú) €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fiontraíocht Éireann | 85,260 | Méadú mar gheall ar thrí chás nua de shíol agus fiontar (€50 milliún) agus trí fhaomhadh nua eile (€21.7 milliún) i 2014. Méaduithe freisin i gcás trí cheangaltas do shíol agus d'fhiontar (€13.5 milliún) liostáilte i 2013. |
| An Clár um Fhorbairt Eolaíochta agus Teicneolaíochta | 98,150 | Méadú mar gheall ar chúig ionad nua mórscála den scoth do thaighde FEÉ agus faomhadh FÉ le haghaidh ionaid teicneolaíochta nua amháin i 2014. |
| Clár do Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRLTI) | (21,324) | Tharla an laghdú sa cheangaltas caipitil ilbhliantúil do CTITL mar gheall ar dhúnadh amach airgeadais Thimthriaill 3 agus 4 de CTITL i 2014 le fógairt choigilteas. Is é Timthriall 5 an t-aon cheangaltas ilbhliantúil fós gan íoc ag 31 Nollaig 2014. |

**2.10 Dliteanais Aibithe.**

B'ionann dliteanais aibithe mheasta nár urscaoileadh amhail deireadh na bliana agus €99,421 (2013: €255,568).

## 3 Caiteachas Clár de réir Fo-Mhírchinn

| | | | 2014 | | | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Forbairt Post agus Fiontar** | | | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 6,568 | | | |
| | | *Breise* | 1,014 | 7,582 | 7,476 | 7,428 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,319 | | | |
| | | *Breise* | 324 | 2,643 | 2,954 | 1,551 |
| A.3 | Forfás | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 45,486 | | | |
| | | *Breise* | (22,920) | 22,566 | 22,565 | 40,076 |
| A.4 | Idir-Thrádáil Éireann | | | 7,762 | 7,762 | 8,106 |
| A.5 | GFT Éireann | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 127,607 | | | |
| | | *Tabhairt suas iarchurtha* | 3,000 | | | |
| | | *Breise* | 941 | 131,548 | 131,150 | 126,360 |
| A.6 | Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 4,030 | | | |
| | | *Breise* | (2,075) | 1,955 | 1,955 | 8,117 |
| A.7 | Fiontraíocht Éireann | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 125,218 | | | |
| | | *Tabhairt suas iarchurtha* | 3,000 | | | |
| | | *Breise* | 612 | 128,830 | 108,962 | 128,041 |
| A.8 | Forbairt fiontar contae | | | 29,388 | 29,499 | 29,643 |
| A.9 | Monatóireacht agus measúnacht ar chláir an AE | | | 89 | — | — |
| A.10 | Forbairt fiontar INTERREG | | | 3,000 | 2,800 | 2,000 |
| A.11 | An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann - deontas le haghaidh costais riaracháin agus costais ghinearálta | | | 5,304 | 4,804 | 5,641 |
| A.12 | Scéim Ráthaíochta Iasachta Sealadaí | | | 1,500 | 196 | 269 |
| A.13 | Suibscríbhinní d'eagraíochtaí idirnáisiúnta, etc. | | | 1,949 | 1,827 | 1,882 |
| A.14 | Coimisiúin, coistí agus fiosruithe speisialta | | | 1 | 1 | 1 |
| A.15 | Costais dlí agus seirbhísí eile | | | 317 | 7 | 11 |
| A.16 | Árachas Creidmheasa Easpórtála - aisíocaíocht leis an Státchiste | | | 17 | 4 | 17 |
| A.17 | Pinsin oidhreachta ghníomhaireachta | | | | | |
| | | *Bunaidh* | — | | | |
| | | *Breise* | 21,085 | 21,085 | 15,862 | — |
| | | | | 365,536 | 337,824 | 359,143 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €27.71 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhí sé sin amhlaidh den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán – neamhphá | (311) | San iomlán bhí luach €640,877 níba lú ar an gcaiteachas neamhphá ar fud na trí chlár (A.2, B.2 & C.2) ná mar a bhí sa bhunmheastachán; bhí, áfach, an caiteachas ar Chlár A 27% níb'airde ná mar a measadh. Tharla sin go páirteach mar gheall ar an ngá le freastal a dhéanamh ar chostais bhliana iomláine na gcostas cíosa agus seirbhíse a bhaineann le Teach Pháirc Wilton le haghaidh Forfás agus na costais a bhain le haistriú Fhorfás isteach sa Roinn. Soláthraíodh meastachán forlíontach de €324,000 le cuid de na costais a bhaineann le haistriú fheidhmeanna Fhorfás a ghlanadh. Aistríodh an maoiniú seo ó fho-cheannteideal Fhorfás (A.3). |
| Forfás | 1 | Rinneadh soláthar sa bhunmheastachán do chaiteachas pá agus pinsean na bliana iomláine agus do chaiteachas áirithe neamhphá. Bhí luach €22.9 milliún níba lú ar an gcaiteachas ná sa bhunmheastachán mar gheall ar lánscor Fhorfás ar 1 Lúnasa 2014 agus mar gheall ar aistriú feidhmeanna chuig an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Fiontraíocht Éireann, ÚFT agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta. Rinneadh meastachán forlíontach leis an leithdháileadh neamhchaite a athdháileadh ar A.1, A.2, A.5, A.7, B.2 agus B.17, mar ar tabhaíodh na costais a bhain leis na feidhmeanna aistrithe. |
| Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne | — | Bhí luach an chaiteachais maidir le Sionainn €2.1 milliún níba lú ná mar a measadh mar gheall ar achtú an Acht um Aerfoirt an Stáit (Grúpa na Sionainne) 2014 agus mar gheall ar chomhtháthú foirmeálta Fhorbairt Sionainne isteach i nGrúpa nua na Sionainne le feidhm ó 4 Meán Fómhair 2014. De réir théarmaí an Achta, aistríodh an fhreagracht do gach dliteanas, dualgas, oibleagáid agus maoiniú (lena n-áirítear méaduithe pinsin agus íocaíochtaí forlíontacha pinsin), ag eascairt de thairbhe fheidhmiú scéim phinsin SFADCo, aistríodh iad chuig an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta le feidhm ó 4 Meán Fómhair 2014. Tar éis meastacháin fhorlíontaigh, aistríodh soláthar do na costais seo (€2.075 milliún) chuig an bhfo-cheannteideal nua, A.17 Gníomhaireacht Phinsean Oidhreachta. |
| Fiontraíocht Éireann | 19,868 | Méadaíodh an bunmheastachán de €125.2 milliún faoi luach €3 mhilliún de ghéilliúint iarchurtha ó 2013, le cur ar chumas Fhiontraíocht Éireann (FÉ) freastal a dhéanamh ar a cuid ceangaltas caiteachais do chomhlachtaí cliaint ag eascairt as faofaí i mblianta roimhe sin ar measadh go ndearnadh éileamh orthu i 2014. Theastaigh meastachán forlíontach ar luach €612k le costas na foirne FÉ a ghlanadh a aistríodh go FÉ, agus le maoiniú breise a sholáthar do scéim phinsin nua FÉ. Cuireadh an maoiniú do na costais seo san áireamh i bhfo-cheannteideal Forfás (A.3) ag tús na bliana. Eascraíonn an difríocht idir an meastachán athbhreithnithe agus an toradh mar gheall ar fháltas ioncaim acmhainne dílse (IAD) bhreise nach rabhthas ag coinne leis, ag eascairt go príomha as díolacháin trádála neamhbheartaithe ag comhlachtaí cliaint a raibh scairsheilbh ag FÉ iontu. Baineadh úsáid as an IAD breise seo (€20 milliún) le caiteachas deontais a mhaoiniú a ndéantar é a mhaoiniú go foirmeálta ag cistí Státchiste faoin bhfo-cheannteideal seo, agus é de thoradh air sin tarraingt anuas níos ísle agus coigilteas don Státchiste. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Forbairt fiontar INTERREG | 200 | Tá baint ag breis agus 20 tionscadal le Clár Interreg agus tá sé iontach deacair a chinntiú go gcloítear leis na hamscálaí réamh-mheasta, mar thoradh ar mhoilleanna éagsúla amhail saincheisteanna pleanála, lóistíochúla agus riaracháin a théann i bhfeidhm ar an Údarás Bainistíochta i mBéal Feirste. Tá moill ar roinnt tionscadal. Mar sin féin, cuirfear na tionscadail go léir i gcrích faoin mbliain 2015. |
| An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann | 500 | Ní raibh a leithdháileadh iomlán ag teastáil ó ÚCNÉ i 2014 ós rud é go raibh luach €129k níb'airde ar na méideanna a fuarthas i dtaca le táillí tráchtála ná mar a ndearnadh buiséadú dó. Tharla an coigilteas eile mar gheall ar bhearta rialaithe chostais. |
| Scéim Ráthaíochta Iasachta Shealadach | 1,304 | Bhí an meastachán bunaithe ar chostas fheidhmiú na scéime de €200,000 agus rinne sé soláthar le haghaidh éileamh ag iasachtóirí rannpháirteacha ar luach €1.3 milliún. Measadh sin ar an mbonn go dtabharfaí ar iasacht an t-uasmhéid de €150 milliún agus go ndéanfaí ráthaíocht uirthi ag an Roinn, dá bharr sin. Suas go deireadh 2014, níor tugadh ach €10.9 milliún den tsuim de €150 milliún ar iasacht faoin scéim. Mar thoradh air sin, ba é costas oibriúcháin na scéime ná €196,000 agus ós rud é nach ndearnadh aon éilimh in aghaidh na ráthaíochta i 2014, níor caitheadh aon chuid den mheastachán de €1.3 milliún. |
| Suibscríbhinní d'eagraíochtaí idirnáisiúnta, etc. | 122 | Déanann Rialacháin Airgeadais na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) soláthar dó go mbíonn an méid atá le cur ag gach ball le buiséad oibriúcháin EDT, go mbíonn sé bunaithe ar thrádáil idirnáisiúnta tíre mar chéatadán de thrádáil idirnáisiúnta gach baill EDT. Faightear na staitisticí ó na staitisticí comhardaithe íocaíochtaí ar an trádáil in earraí agus i seirbhísí, a fhoilsítear ag an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI). Gearradh 1.129% ar Éirinn do 2013 agus gearradh 1.089% do 2014. Ceadaíonn sin an difríocht idir an meastachán agus ranníocaíocht na hÉireann. |
| Costais dlí agus seirbhísí eile | 310 | Ós rud é go soláthraítear an meastachán chun íocaíochtaí teagmhasacha a chlúdach, ní féidir a réamh-mheas go cruinn cé na híocaíochtaí a d'fhéadfadh teacht aníos le linn na bliana. Pé scéal é, ní raibh ach 23% den mheastachán ag teastáil ar fud na dtrí chlár. |
| Pinsin oidhreachta ghníomhaireachta | 5,223 | Tar éis lánscoir Forfás ar 1 Lúnasa agus comhcheangal Fhorbairt Sionainne i nGrúpa nua na Sionainne ar 4 Meán Fómhair 2014, aistríodh freagracht d'íocaíocht na bpinsean oidhreachta a aistríodh chuig an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Rinneadh meastachán forlíontach le cuid d'iarmhéid neamhchaite iarfho-cheannteidil Forfás (A.3) agus Forbartha Sionainne (A.6) a aistriú chuig an bhfo-cheannteideal nua seo. Cuireadh cúram shochair aoisliúntais na foirne a bhí ag aistriú fostaíochta go gníomhaireachtaí eile (ÚFT, FÉ), srl.) ar an ngníomhaireacht ábhartha. Dhéanfadh bunmheastachán Fhorfás soláthar do leibhéal níos airde líon dul ar scor agus íocaíochtaí gaolmhara aisce i gcomhthéacs sholáthar Chomhaontú Bhóthar Haddington. Ag eascairt, áfach, as síniú an spriocdháta le leas a bhaint as na rátaí tuarastail fhabhraigh chosanta le haghaidh cuspóirí dul ar scor, chuaigh níba lú daoine ar scor ná mar a bhíothas ag coinne leis nuair a rinneadh an bunleithdháileadh pinsin do 2014. |

| | | | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | | €000 | €000 |
| **B** | **Nuálaíocht** | | | | | |
| B.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | *Bunaidh* | 4,378 | | | | |
| | *Breise* | 1,014 | 5,392 | | 5,072 | 4,950 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,635 | | | | |
| | *Breise* | 324 | 2,959 | | 3,043 | 1,738 |
| B.3 | Oifig na bPaitinní | | 2,834 | | 2,374 | 2,400 |
| B.4 | An Clár um Fhorbairt Eolaíochta agus Teicneolaíochta | | | | | |
| | *Soláthar don bhliain reatha* | 272,103 | | | | |
| | *Tabhairt suas iarchurtha* | 17,000 | 289,103 | | 288,703 | 286,243 |
| B.5 | Clár do Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRLTI) | | 39,054 | | 39,054 | 45,203 |
| B.6 | Suibscríbhinní d'eagraíochtaí idirnáisiúnta, etc. | | 19,054 | | 18,991 | 19,178 |
| B.7 | Coimisiúin, coistí agus fiosruithe speisialta | | 1 | | 1 | 1 |
| B.8 | Costais dlí agus seirbhísí eile | | 308 | | 132 | 1 |
| | | | 358,705 | | 357,370 | 359,714 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár B €1.34 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhí sé sin amhlaidh den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Oifig na bPaitinní | 460 | Is féidir an difríocht €460,042 a scoilt idir coigiltí pá de €289,000 agus coigiltí neamhphá de €172,000. Is féidir na coigiltí pá a leagan orthu seo<br>(i) Neamhlíonadh post cuntas iníoctha.<br>(ii) Leas á bhaint ag foireann as bliain oibre ghearrthéarmach.<br>(iii) Foireann ar shos gairme, ar shaoire chúramóra agus ar shaoire speisialta gan phá. Is féidir an gannchaitheamh neamhphá a leagan den chuid is mó ar choigiltí i gcaiteachas TFC. |
| An Clár um Fhorbairt Eolaíochta agus Teicneolaíochta | 400 | Bhí luach an chaiteachais €16.6 milliún níb'airde ná an bunmheastachán agus maoiníodh é trí mheán géilliúna iarchurtha de €17 milliún. Tharla sin mar gheall ar ghníomhaíochtaí feabhsaithe tráchtálaíochta, de réir shainchúram sínithe Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ) agus freisin le Mol Nuálaíochta na Sláinte a mhaoiniú. Tharla sé freisin mar gheall ar chaiteachas a tabhaíodh ag Fiontraíocht Éireann le hionaid nua teicneolaíochta a mhaoiniú (Sláinte Cheangailte, Teicneolaíocht Déiríochta agus Feistí Leighis), 100 tionscadal breise Dearbhán Nuálaíochta agus deich dtionscadal breise Comhpháirtíochta Nuálaíochta. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Costais dlí agus seirbhísí eile | 176 | Clúdaíonn an meastachán an costas ar íocaíochtaí ilghnéitheacha a d’fhéadfadh teacht aníos ar fud na Roinne, lena n-áirítear costais fhéideartha dlí, nach ndearnadh soláthar dóibh in aon áit eile sa Vóta. Tá oibleagáid ar an Roinn soláthar teagmhasach a dhéanamh do na costais sin a d’fhéadfadh a bheith ina gcostais aonuaire ó thaobh a gcineáil de agus sa chás nach cinnte atá uainiú an chaiteachais. |

| | | | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **C** | **Rialúchán** | | | | | |
| C.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 8,955 | | | |
| | | *Breise* | 30 | 8,985 | 9,484 | 9,315 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | | | 4,337 | 2,653 | 2,761 |
| C.3 | An Clár um Chaidreamh san Ionad Oibre | | | 19,663 | 17,501 | 18,159 |
| C.4 | Deontais le haghaidh seirbhísí oideachais agus comhairleoireachta ceardchumann – teoranta ó thaobh airgid thirim de | | | 944 | 944 | 944 |
| C.5 | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta - deontas le haghaidh costais riaracháin agus costais ghinearálta | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 17,738 | | | |
| | | *Breise* | (350) | 17,388 | 17,388 | 18,730 |
| C.6 | Cónascthaí ceardchumann | | | 50 | — | 30 |
| C.7 | Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach | | | 4,672 | 3,012 | 3,124 |
| C.8 | An tÚdarás Iomaíochta | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 4,955 | | | |
| | | *Breise* | (992) | 3,963 | 3,969 | 4,478 |
| C.9 | An Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 7,332 | | | |
| | | *Breise* | (3,478) | 3,854 | 3,901 | 5,501 |
| C.10 | Tacaíocht do thomhaltóirí | | | 45 | — | 45 |
| C.11 | An Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus Clárlann na gCara-Chumann - deontas le haghaidh riaracháin agus costais ghinearálta | | | 7,065 | 6,751 | 6,689 |
| C.12 | Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (deontas- i -gcabhair) | | | 1,562 | 1,355 | 1,445 |
| C.13 | An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta | | | 153 | 152 | 55 |
| C.14 | Suibscríbhinní d'eagraíochtaí idirnáisiúnta, etc. | | | 1,411 | 1,367 | 1,534 |
| C.15 | Coimisiúin, coistí agus fiosruithe speisialta | | | 220 | 57 | 165 |
| C.16 | Costais dlí agus seirbhísí eile | | | 998 | 107 | 88 |
| C.17 | An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | — | | | |
| | | *Breise* | 4,470 | 4,470 | 1,725 | — |
| C.18 | An Coimisiún um Pá Íseal | | | | | |
| | | *Bunaidh* | — | | | |
| | | *Breise* | 2 | 2 | — | — |
| — | *Cur Chun Cinn Comhpháirtíochta Chiste Nuálaíochta an Ionaid Oibre* | | | — | — | *28* |

| | | 2014 | | | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| — | *Taighde, lena n-áirítear suirbhéanna daonchumhachta* | | — | — | *1* |
| | | | 79,782 | 70,366 | 73,092 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár C €9.42 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhí sé sin amhlaidh den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán – neamhphá | 1,684 | San iomlán, bhí an caiteachas neamhphá ar fud na dtrí chlár €1,288,878 níos lú ná a measadh agus bhí caiteachas ar Chlár C 39% níos lú ná an soláthar meastacháin. Rinneadh na coigiltí príomha sna réimsí seo<br>(i) TFC - rinneadh roinnt tionscadal a chur ar atráth nó a mhoilliú de bharr srianta acmhainní<br>(ii) seirbhísí poist agus teileachumarsáide - na coigiltí leantacha teorannaithe ráta ar theileafónaíocht shoghluaiste a chuir teorainn le muirir go bunúsach, bhí siad ina gcúis le caitheamh ar theileafónaíocht shoghluaiste a bhí níos ísle ná a bhíothas ag súil leis<br>(iii) seirbhísí comhairleoireachta - mar gheall gur tugadh atosaíocht do roinnt tionscadal le linn na bliana agus mar gheall ar an bhfíric go bhfuil roinnt tionscadal a tosaíodh le linn 2014 le bheith curtha i gcrích in 2015 agus<br>(iv) acmhainní fógraíochta agus faisnéise - freagraíonn an caiteachas faoin bhfo-mhírcheann den chuid is mó don éileamh agus bíonn an t-éileamh sin á bhrú chun cinn ag riachtanais ghnó na rannóg/na n-aonad, níor tháinig an leibhéal measta éilimh aníos. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| An Clár um Chaidreamh san Ionad Oibre | 2,162 | Seo a leanas eilimintí an ghannchaiteachais iomláin i C.3<br>(i) €201,000 de choigilteas pá sa Chúirt Oibreachais mar gheall ar fholúntais fhoirne a d'eascair le linn na bliana agus rinneadh coigilteas de €466,000 tar éis go ndearnadh soláthar do Bhaill na Cúirte Oibreachais a bhí incháilithe le dul ar scor ach nach ndeachaigh ar scor.<br>(ii) Bhí coigilteas ag an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais ar luach €341,000 go príomha mar gheall ar aistrithe agus dul ar scor agus freisin, bhí an coigilteas a rinneadh ó thaobh Táillí an Choimisinéara um Tháillí ós rud é go raibh líon na laethanta oibre níba lú ná mar a réamh-mheasadh.<br>(iii) €380,000 i dtaca le hOifig Thionscadail na gCaidreamh san Ionad Oibre, ós rud é nár críochnaíodh roinnt tionscadal sonrach i 2014, rud a raibh coigilteas mar thoradh air. Bhí san áireamh orthu seo Córas Bainistithe an Chaidrimh le Custaiméirí (CBCC), dearadh agus cur i bhfeidhm ionannais chorparáidigh don ITO, roghnú oifigeach breithnithe agus seomraí breise breithnithe agus achomharc.<br>(iv) €561,000 ag an mBinse Comhionannais mar gheall ar laghduithe i líon na foirne agus coigilteas neamhphá a bhaineann le meastacháin do chostais a bhaineann le hathbhreithnithe breithiúnacha nár tionóladh i 2014.<br>(v) €347,000 ag an mBinse Acomhairc Fostaíochta (BAF) mar gheall ar ghlanchaillteanas seisear ball foirne, agus lena chois sin laghdaíodh líon suíonna an Bhinse. Rinneadh dlúthmhonatóireacht ar BAF Neamhphá, ag díriú go háirithe ar chostais na n-ionad agus na n-ateangairí ag éisteachtaí.<br>(vi) Déanann an coigilteas thuasluaite a aithníodh faoin bhfo-cheannteideal seo an róchaiteamh de €134,000 ag an Údarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta a fhritháireamh. |
| Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach | 1,660 | Bhí luach an chaiteachais maidir le neamhphá €1.4 milliún níba lú ná mar a measadh. Chuir an meastachán soláthar san áireamh do roinnt cásanna cúirte leanúnacha. Tá sé deacair dátaí agus toradh na gcásanna seo a thuar. Bhí luach an chaiteachais maidir le pá €249,000 níba lú mar gheall ar neamhlíonadh folúntais amháin a tugadh anonn ó 2013 agus mar gheall ar dhá cheann eile a d'eascair le linn na bliana. |
| An tÚdarás Iomaíochta | (6) | Bhí luach an chaiteachais beagnach €1 milliún níba lú ná sa bhunmheastachán. D'eascair sin ós rud é gur cónascadh an tÚdarás Iomaíochta leis an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí ar 31 Deireadh Fómhair; tugadh an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí ar an eagraíocht nua. Bhí an meastachán don fho-cheannteideal seo bunaithe ar chaiteachas bliana iomláine. Aistríodh an leithdháileadh neamhchaite ag meastachán forlíontach chuig an bhfo-cheannteideal nua C.17 (féach freisin míniúcháin le haghaidh C.9 agus C.17). |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí | (47) | Bhí luach an chaiteachais €3.4 milliún níba lú ná an bunmheastachán. D'eascair sin ós rud é gur cónascadh an tÚdarás Iomaíochta leis an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí ar 31 Deireadh Fómhair; tugadh an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí ar an eagraíocht nua. Tá an meastachán don fho-cheannteideal seo bunaithe ar chaiteachas bliana iomláine. Aistríodh an leithdháileadh neamhchaite ag meastachán forlíontach chuig an bhfo-cheannteideal nua C.17 (féach freisin míniúcháin le haghaidh C.8 agus C.17). |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (deontas i gcabhair) | 207 | Tá an IAASA páirtmhaoinithe ag an Roinn agus ag na comhlachtaí cuntasaíochta leagtha síos. Is é an mheicníocht trína soláthraítear maoiniú Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann ná go n-íoctar a chostais tuarastail iomlána tríd an bhfo-mhírcheann seo. Má sháraíonn comhiomlán na n-íocaíochtaí sin dliteanas an Státchiste, déantar aisíocaíocht leis an Roinn ag deireadh bliana. Maidir leis an difríocht, bhí meastachán 2014 bunaithe ar líon iomlán foirne a bheith ag an Údarás. Mar sin féin, bhí deacrachtaí ag baint le folúntais áirithe a líonadh in 2014, rud ba chúis leis an ngannchaitheamh. |
| Coimisiúin, coistí agus fiosruithe speisialta | 163 | D'eascair an éagsúlacht mar gheall ar na rudaí seo:<br>(i) €80,000 de choigilteas ag eascairt as leibhéal laghdaithe gníomhaíochta Comhchoiste Oibreachais i 2014; níor athbhunaíodh ach trí CCO (as ocht gcinn)<br>(ii) €20,000 de choigilteas ar fhiosrúcháin dlí na gcuideachtaí ós rud é gurbh é a bhí sa mheastachán ná teagmhas le costas aon fhiosrúchán nach raibh coinne leo a ghlanadh<br>(iii) €46,000 i dtaca le coigilteas do sheirbhísí taighdeoirí dlí le haghaidh Acht na gCuideachtaí 2014 agus coigilteas ilghnéitheach eile.<br>(iv) coigilteas ilghnéitheach eile. |
| Costais dlí agus seirbhísí eile | 891 | Tá sé deacair caiteachas ón bhfo-mhírcheann seo a réamh-mheas mar go bhfuil an meastachán de chineál soláthar teagmhasachta do chostais dlí a d'fhéadfadh teacht aníos i roinnt réimsí sa Roinn. Le linn 2014, ní suntasach a bhí na costais dlí sin. |
| An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | 2,745 | Bunaíodh an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CICT) ar 31 Deireadh Fómhair 2014 trí chónascadh an Údaráis Iomaíochta (ÚI) agus na Gníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí (GNT) faoi mar a rinneadh soláthar dó san Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí 2014. Faomhadh an meastachán forlíontach d'aistriú airgid ó fho-cheannteidil C.8 (ÚI) agus C.9 (GNT) go C.17 (CICT).<br><br>Tá leithdháileadh CICT roinnte idir caiteachas riaracháin ghinearálta agus Faisnéise airgeadais agus feidhmeanna oideachais. Ba é luach an choigiltis riaracháin ghinearálta ná €1.168 milliún (pá €1.029 milliún, neamhphá €0.139 milliún). Tharla an gannchaiteachas pá ós rud é nár líonadh cuid shuntasach fholúntas le linn na bliana agus ós rud é nár baineadh amach an líon faofa foirne. Éiríodh as íocaíocht táillí do Bhaill Bhoird GNT, a maoiníodh go páirteach trí mhaoiniú Státchiste, tar éis lánscoir GNT. Tharla an gannchaiteachas neamhphá mar gheall ar na rudaí seo<br>(i) laghdú costas de thoradh ar chonarthaí nua ar cuireadh tús leo le linn na bliana<br>(ii) cuireadh moill ar roinnt clár mar gheall ar shrianta foirne agus<br>(iii) cuireadh moill ar athlonnú beartaithe CICT, agus mar sin de níor tháinig costais a bhainfeadh le có-nascadh GNT agus ÚI chun cinn le linn na bliana.<br><br>Faisnéis airgeadais agus coigilteas feidhme oideachais de €1.524 milliún (pá €0.58 milliún agus neamhphá de €0.944 mhilliún). Tharla an coigilteas pá mar gheall ar sholáthar do dheich bpost a thóg níba fhaide le líonadh ná mar a bhíothas ag coinne leis. Bhain an coigilteas neamhphá le roinnt tionscadal ar laghdaíodh a scála mar gheall ar easpa foirne agus mar gheall ar laghduithe costas ar chonarthaí nua. |

## 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gCabhair | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Cearta Fostaíochta agus Caidreamh Tionsclaíoch** | | | | |
| 1. | Fáltais ón gCiste Árachais Shóisialta | 600 | 782 | 987 |
| 2. | Táillí ceadanna oibre | 2,800 | 4,041 | 3,242 |
| 3. | Ceadúnais do ghníomhaireachtaí fostaíochta | 215 | 267 | 205 |
| **Árachas agus Dlí Cuideachtaí** | | | | |
| 4. | An Oifig um Chlárú Cuideachtaí | 18,325 | 18,535 | 19,337 |
| 5. | Clárlann na gCara-Chumann | 75 | 63 | 57 |
| **Cearta Trádála, Iomaíochta agus Margaidh** | | | | |
| 6. | Fáltais faoi Acht na dTrád-Mharcanna 1963 agus faoi Acht na bPaitinní 1964 | 8,500 | 8,140 | 8,434 |
| 7. | Ceadúnais trádála ócáidí | 2 | 1 | 3 |
| 8. | An Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí | 371 | 416 | 408 |
| 9. | Fógraí cumaisc | 280 | 344 | 288 |
| **Eile** | | | | |
| 10. | Fáltais dlí Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach | 50 | 177 | 178 |
| 11. | Forbairt Fiontar Contae | — | 83 | 66 |
| 12. | Ilghnéitheach | 110 | 2,269 | 2,037 |
| 13. | Beartas fiontraíochta (Idir-Thrádáil Éireann) | 18 | 44 | 28 |
| 14. | An Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí – deontas le haghaidh feidhmeanna faisnéis airgeadais agus oideachais | 2,127 | 603 | 925 |
| 15. | Aisíocaíocht tuarastail Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann | 376 | 513 | 507 |
| 16. | Tuarastal agus aoisliúntas an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta | 1,204 | 1,377 | 1,241 |
| 17. | Aoisliúntas an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta | 610 | 589 | 599 |
| 18. | GFT Éireann – Fáltais phinsin a thagann as an Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 | 1,719 | 1,174 | 1,722 |
| 19. | Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne – Fáltais phinsin a thagann as an Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 | 204 | 389 | 703 |
| 20. | Scéim Ráthaíochta Iasachta Sealadaí | 1,500 | 153 | 76 |
| 21. | Fáltais ó asbhaint phinsean-ábhartha ar luach saothair seirbhíse poiblí | 9,862 | 9,288 | 10,252 |
| | **Iomlán** | **48,948** | **49,248** | **51,295** |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach ceannteideal a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a measadh agus breis is 5% níos mó nó níos lú ná ón tsuim a measadh.

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná a measadh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Fáltais ón gCiste Árachais Shóisialta | (182) | Leagtar amach in Alt 56 den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967, gur cheart do Chiste Árachais Shóisialta na Roinne Coimirce Sóisialaí íoc as an gcostas ar achomhairc iomarcaíochta a riar. Riartar iad sa Roinn seo. Idirbheartaíodh na costais sin leis an Roinn Coimirce Sóisialaí ar bhonn 23.2% de chostais iomlána an Bhinse Achomhairc Fosaíochta do ráithe 4 2013 agus do ráithí 1, 2 agus 3 den bhliain 2014, arbh ionann iad agus €782,003. |
| Táillí ceadanna oibre | (1,241) | Is féidir an barrachas a leagan ar thrí thoisc<br>(i) Bhí méadú 40% ar líon iomlán na gceadanna a eisíodh in 2014 (5,496) i gcomparáid leis an mbliain 2013 (3,937). Ghin 25% den mhéadú sin ioncam breise táillí mar gur tugadh gach dochtúir nach náisiúnach den LEE é/í a tháinig go hÉirinn chun oibre ar ais faoi raon an chórais cheadanna le linn 2014,Ós rud é go bhfuil stádas carthanais ag FSS, tá sí díolmhaithe ó tháillí.<br>(ii) Ar aon dul leis na heasnaimh réamh-mheasta san earnáil dhigiteach agus san earnáil TF agus d'fhonn freastal ar riachtanais scileanna na n-earnálacha sin, táthar ag spreagadh na bhfostaithe ardoilte sin go réamhghníomhach teacht go hÉirinn leis an mbeartas um imirce eacnamaíoch atá mar bhonn agus thaca ag an gcóras ceadanna agus in 2014, bhí méadú 25% ar líon na ngairmithe TFC a tháinig go hÉirinn (1,503 gairmí in 2013 i gcomparáid le 1,875 gairmí in 2014) agus<br>(iii) Ar aon dul leis an laghdú sa ráta dífhostaíochta go 10.6% i mí na Nollag 2014, tá méadú comhfhreagrach ar líon na bpost atá ar fáil a bhféadfadh catagóirí éagsúla ceadanna fostaíochta bheith incháilithe ina leith. |
| Fáltais dlí Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach | (127) | Figiúr barúlach a bhí san fhigiúr €50,000 mar go bhfuil sé deacair na fáltais sin a réamh-mheas; ní bhaineann siad le seirbhísí a chuir an Oifig ar fáil. Ina ionad sin, is iad sin na costais a dhámhann na Cúirteanna ar an Oifig. Baineann na fáltais sin le costais arna ndámhachtain i gcásanna coiriúla agus bailíonn an tSeirbhís Chúirteanna iad thar ceann Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Baineann fáltais bhreise le cásanna sibhialta, inar dámhadh na costais ar an Oifig. Cé go bhforfheidhmíonn an Oifig a mbailiú nuair is féidir, tá sé deacair réamh-mheas a dhéanamh ar uainiú cruinn agus ar mhéid cruinn na bhfáltas sin roimh ré. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a measadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Ilghnéitheach | (2,159) | Bíonn sé deacair tuar a dhéanamh cén leibhéal ioncaim a gheofar faoin gcatagóir seo. Is iad na méideanna suntasacha atá san áireamh ná<br>(i) €1,424,000 i dtaca le scéimeanna ÚFT, FÉ agus FEÉ a bhaineann leis na ranníocaíochtaí pinsean faoi na scéimeanna nua a bunaíodh do na gníomhaireachtaí seo tar éis lánscoir Fhorfás<br>(ii) €375,000 a fuarthas maidir le costais a fochúitíodh ón Roinn Oideachais & Scileanna maidir leis an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí<br>(iii) €324,000 maidir le haistriú ciste phinsin do bhall den Chúirt Oibreachais<br>(iv) Aisíocaíochtaí ÁSPC na bhfostóirí de €53,000<br>(v) fáltais maidir le hasbhaintí tuarastail Bhóthar Haddington ar luach €59,000; agus<br>(vi) méideanna éagsúla agus ilghnéitheacha eile. |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí – deontas le haghaidh feidhmeanna faisnéis airgeadais agus oideachais | 1,524 | Maoinítear feidhm an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC) um sheirbhísí airgeadais go hiomlán le tobhach a ghearrann an CCPC ar sholáthraithe seirbhísí airgeadais rialáilte. Bailítear an tobhach i lár na bliana agus réamh-mhaoiníonn an Roinn an CCPC ar an gcoinníoll go gcúitítear an Roinn trí bhíthin leithreasaí-i-gcabhair roimh an deireadh bliana. Ba é €1.5 milliún an soláthar meastacháin nach raibh ag teastáil (féach C.17). Mar thoradh air sin, ní raibh aon cheangal ar an CCPC an Roinn a chúiteamh i leith an mhéid sin. |
| Aisíocaíocht tuarastail Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann | (137) | Tá Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann páirtmhaoinithe ag an Roinn agus ag na comhlachtaí cuntasaíochta leagtha síos. Is é an mheicníocht trína soláthraítear maoiniú Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann ná go bpróiseálann an Roinn a thuarastal iomlán agus íocaíochtaí gaolmhara thar a cheann. Ós rud é go sáraíonn comhiomlán na n-íocaíochtaí sin dliteanas foriomlán an Státchiste de ghnáth, déantar aisíocaíocht leis an Roinn ag deireadh bliana. Bhí dliteanas an Státchiste d'Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann in 2014 cothrom le €913,000. Dá bhrí sin rinneadh aisíocaíocht €513,000 leis an Roinn. Maidir leis an difríocht, bhí meastachán 2014 bunaithe ar líon iomlán foirne a bheith ag an Údarás. Mar sin féin, bhí deacrachtaí ag baint le folúntais áirithe a líonadh in 2014. Bhí an tionchar iarmhartach ar chostais fhoriomlána tuarastail ina chúis leis an aisíocaíocht sin leis an Roinn. |
| Tuarastal agus aoisliúntas an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta | (173) | Áiríodh leis an toradh in 2014 íocaíocht shiarghabhálach "aonuaire" ranníocaíochtaí pinsean a rinne an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta i dtaca le blianta roimhe sin. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a measadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| GFT Éireann – fáltais phinsin a thagann as an Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 | 545 | Ba é ab aidhm leis an bhfo-mhírcheann seo ranníocaíochtaí pinsean a fháil agus cuntas a choimeád orthu i dtaca le hiarscéimeanna pinsean gníomhaireachta maoinithe ar bhainistigh Forfás iad. Aistríodh cistí chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean faoi fhorálacha an Achta um Bearta Éigeandála (Forálacha Ilghnéitheacha) 2010. Bhí meastachán 2014 bunaithe ar ionchas go bhfaighfí ranníocaíochtaí bliana iomláine ó Fhorfás. Mar sin féin, díscaoileadh Forfás le héifeacht ón 1 Lúnasa 2014 agus tá na gníomhaireachtaí (Fondúireacht Eolaíochta Éireann, Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann) freagrach anois as an airgead sin a sheoladh go díreach chuig an Roinn (féach 'ilghnéitheach' thuas freisin). |
| Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne – Fáltais phinsin a thagann as an Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 | (185) | Tháinig an méadú ar fháltais os cionn an mheastacháin aníos mar gur fhan roinnt baill foirne de chuid Chuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne a ath-imlonnaíodh chuig comhlachtaí eile le linn 2013 ina mbaill de scéim pinsean Chuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne ar feadh tréimhse níos faide ná mar a bhíothas ag coinne leis mar gheall ar fhadhbanna leis na socruithe aistrithe. |
| Scéim Ráthaíochta Iasachta Shealadach | 1,347 | Mar mhalairt ar ráthaíocht a thabhairt ar iasachtaí, faigheann an Roinn préimh bhliantúil de 2% ón iasachtaí. Bhí san áireamh i meastachán 2014 soláthar d'fháltas úis de €1.5 milliún faoin scéim. Bhí sin bunaithe ar thabhairt ar iasacht de €75 milliún den €1,500 milliún a ndearnadh soláthar dó faoin Scéim Ráthaíochta Iasachta. Bhí na fáltais faoin scéim seo bunaithe ar éileamh i bhfad níba lú ná mar a bhíothas ag coinne leis ós rud é go raibh an leibhéal glactha i bhfad níba lú ná mar a bhíothas ag dréim leis. |
| Fáltais ón asbhaint a bhaineann le pinsean ar luach saothair seirbhíse poiblí | 547 | Bhí an meastachán bunaithe ar fháltais na bliana roimhe sin agus cuireadh laghdú ar an líon ar seirbhís san áireamh. Bhí an laghdú ar an líon níos airde ná a bhíothas ag súil leis, áfach. |

**4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste**

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | — | — |
| Creidmheas easpórtála - aisghabhálacha ón Iaráic/ón Nigéir | 650 | 2,370 |
| Fiontraíocht Éireann - reatha (A.7, A.8, B.4) | 596 | 249 |
| Fiontraíocht Éireann – caipiteal (A.7, A.8, B.4) | 126 | 3,006 |
| Forfás - reatha | 566 | 341 |
| Forfás - barrachas ó ioncam acmhainní dílse | 615 | 147 |
| Forbairt Shionainne - aisíoc deontais | 477 | 249 |
| GFT Éireann – fáltais ón tionscadal idirnascachta | 2,450 | — |
| GFT Éireann - reatha | 386 | — |
| GFT Éireann - caipiteal | 2,356 | — |
| PRLTI – reatha | 78 | — |
| PRLTI – caipiteal | 602 | — |
| An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta – reatha | 121 | — |
| Idir-Thrádáil Éireann - reatha | 4 | — |
| Idir-Thrádáil Éireann - caipiteal | 17 | — |
| Aisíoc deontais na mBord Fiontar Contae - reatha | 57 | 10 |
| Aisíoc deontais na mBord Fiontar Contae - caipiteal | 34 | — |
| Ilghnéitheach | 19 | 18 |
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann - caipiteal (B.4) | — | 630 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (8,642) | (7,020) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | 512 | — |

| | |
|---|---|
| GFT Éireann – fáltais ón tionscadal idirnascachta | Bhain an méid a fuarthas le socrú deiridh féich maidir le cuideachta a raibh baint aici leis an GFT i dtionscadal idirnascachta. |
| GFT Éireann - caipiteal | Thug cliantchuideachtaí GFT méid a bhí cothrom le €2,356,000 ar ais. Bhí GFT ag súil leis go mbeadh ioncam aisíoc deontais ag teastáil le haghaidh roinnt íocaíochtaí deontais i mí na Nollag ach ní raibh sé ag teastáil sa deireadh. |
| Fiontraíocht Éireann - reatha | Is ionann seo agus aisíoc airgid thirim de bhreis ar iarmhéid ceadaithe leabhar an airgid. |
| Forfás - ioncam acmhainní dílse | Baineann sé seo le hioncam a gineadh trí ghníomhaíochtaí Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú in Forfás agus is ionann an méid a tugadh ar ais agus an barrachas thar ioncam acmhainní dílse ceadaithe. |
| PRLTI – caipiteal | Thug an tÚdarás um Ard-Oideachas an t-airgead sin ar ais tar éis thionscadail Thimthriall 4 a chur i gcrích agus tar éis dearbhuithe caiteachais deiridh a fháil. |

## 5 Líon Fostaithe agus Pá

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | | |
| Lánaimseartha | 759 | 803 |
| Gníomhaireachtaí [a] | 1,618 | 1,723 |
| | 2,377 | 2,526 |

[a] Tá san áireamh fostaithe de chuid an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta, gníomhaireacht stáit neamhthráchtála nach bhfuil ag fáil maoiniú Státchiste go díreach

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 148,734 | 159,354 |
| Liúntais i leith dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 796 | 983 |
| Liúntais eile | 2,099 | 1,853 |
| Ragobair | 526 | 575 |
| ÁSPC Fostóra | 9,588 | 10,158 |
| **Pá iomlán** | **161,743** | **172,923** |

Tagraíonn na socruithe luach saothair don ghné pá de na Fo-mhírchinn seo: A.1, A.3, A.4, A.5, A.7, A.8, A.11, B.1, B.3, B.4, C.1, C.3, C.5, C.7, C.8, C.9, C.11, C.12 agus C.17.

### 5.1 Roinn

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá[a] | 37,360 | 37,565 |
| Liúntais i leith dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 592 | 597 |
| Liúntais eile | 476 | 529 |
| Ragobair | 266 | 341 |
| ÁSPC Fostóra | 2,123 | 2,129 |
| **Pá iomlán**[b] | **40,817** | **41,161** |

[a] Áirítear leis íocaíochtaí pinsean le 28 iarchomhalta den Chúirt Oibreachais agus den Údarás Iomaíochta (an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí anois).

[b] Tá san áireamh sa phá iomlán pá riaracháin (A.1, B.1 agus C.1) agus eilimintí pá Oifigí na Roinne (B.3, C.3, C.7 agus C.11). Tagraíonn an méid atá san áireamh do phá i Nóta 1 d'fho-cheannteidil riaracháin amháin.

**Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí de €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2014 € | Uasíocaíocht aonair 2013 € |
|---|---|---|---|---|
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 92 | 4 | 26,929 | 28,164 |
| Liúntais eile | 116 | 6 | 76,941 | 48,394 |
| Ragobair | 113 | 9 | 14,862 | 13,968 |

Fuair daoine áirithe luach saothair sa bhreis i níos mó ná catagóir amháin.

**5.2 Gníomhaireachtaí**

| | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 111,375 | 121,789 |
| Liúntais i leith dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 204 | 386 |
| Liúntais eile | 1,622 | 1,324 |
| Ragobair | 261 | 234 |
| ÁSPC Fostóra | 7,464 | 8,029 |
| **Pá iomlán** | **120,926** | **131,762** |

**Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí de €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2014 € | Uasíocaíocht aonair 2013 € |
|---|---|---|---|---|
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 43 | 2 | 11,161 | 16,703 |
| Liúntais eile | 374 | 36 | 42,728 | 42,728 |
| Ragobair | 88 | 6 | 42,702 | 26,851 |

Fuair daoine áirithe luach saothair sa bhreis i níos mó ná catagóir amháin.

Is iad seo na gníomhaireachtaí atá curtha san áireamh thuas: Boird Fiontar Contae agus Cathrach, an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (an Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí agus an tÚdarás Iomaíochta roimhe seo), Fiontraíocht Éireann, Forfás, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail, an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais, an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, Idir-Thrádáil Éireann, Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann.

**5.3 Socruithe Luacha Saothair Eile**

Íocadh €4,330 san iomlán le beirt státseirbhíseach ar scor a bhí rannpháirteach i ndualgais éagsúla an athuair le linn 2014.

Soláthraíodh carranna cuideachta do POF thrí ghníomhaireacht de chuid na Roinne.

Íocadh íocaíocht luacha saoire bliantúla de €9,434 le fostaí gníomhaireachta amháin.

**5.4 Ró-íocaíochtaí Tuarastail**

| | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Baineann ró-íocaíochtaí le breisíochtaí, le treoracha tuarastail agus le híocaíochtaí luach saothair sealadach athshlánúcháin a bhí dlite ag deireadh bliana. | 99,687 | 97,785 |

**5.5 Íocaíochtaí Téarfa**

San iomlán íocadh luach €58,114 de scaoilíocaíochtaí do thriúr.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Cistiú ón AE

Mar aon le deontais ón Vóta, fuair na comhlachtaí seo a leanas faoi choimirce na Roinne cúnamh go díreach ón AE in 2014, mar atá léirithe thíos:

| Fo-mhírcheann | Cur síos | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€** | **€** |
| A.7 | Fiontraíocht Éireann | 207,335 | — |
| B.3 | Oifig na bPaitinní | 297,661 | 183,416 |
| B.4 | Fondúireacht Eolaíochta Éireann | 120,000 | 115,000 |
| B.4 | Fiontraíocht Éireann | 87,859 | — |
| A.6 | Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne | — | 87,470 |
| C.5 | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta | — | 222,344 |
| | | 712,855 | 608,230 |

Tá san áireamh sa toradh a thaispeántar i bhFo-cheannteidil A.6, A.8, B.4 agus B.5 íocaíochtaí maidir le gníomhaíochtaí a chó-mhaoinítear ag an CFRE. Ba é seo a leanas na meastacháin chaiteachais agus toraidh iarbhír:

| Fo-mhírcheann | Cur síos | 2014 | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Meastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.6 | Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne | 1,955 | 1,955 | 8,117 |
| A.8 | Forbairt fiontar contae | 29,388 | 29,499 | 29,643 |
| B.4 | An Clár um Fhorbairt Eolaíochta agus Teicneolaíochta | 289,103 | 288,703 | 286,243 |
| B.5 | Clár do Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRLTI) | 39,054 | 39,054 | 45,203 |
| | | 359,500 | 359,211 | 369,206 |

**6.2 Coimisiúin, Coistí agus Fiosruithe Speisialta**

| | Bliain an bhunaithe | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2014 | 2014 Toradh | 2013 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | | € | € | € |
| **Téarma seasta/cuspóir seasta** | | | | |
| Grúpa Athbhreithnithe um Dhlí na gCuideachtaí | 2000 | 1,000,571 | 43,480 | 68,069 |
| Fiosruithe um Dhlí na gCuideachtaí | 1994 | 2,193,034 | — | 16,614 |
| Grúpa Athbhreithnithe Dlí ar Dhíolacháin | 2009 | 20,952 | 832 | 391 |
| Sábháilteacht san Ionad Oibre | 2002 | 2,722,590 | — | 50,000 |
| **Buan/neamhiata** | | | | |
| Comhchoistí Oibreachais[a] | 1946 | 1,268,143 | 2,374 | 23,237 |
| Grúpa ar Rialúchán Gnó | 2006 | 184,527 | 9,034 | 5,332 |
| Coiste Iniúchta Rannach | 2004 | 27,864 | 2,250 | 3,600 |
| | | 7,417,681 | 57,970 | 167,243 |

[a] Bonnbhliain 1994. Ba as fo-mhírcheann A.2 a rinneadh íocaíochtaí i dtaca leis an tréimhse 1946-1993 sa bhliain i gceist.

**6.3 Costais Dlí**

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| Tá costais dlí a íocadh le linn na bliana leagtha amach mar seo a leanas: | € | € |
| Costais dlí | 383,639 | 330,906 |
| Cúiteamh | 178,693 | 45,594 |
| | 562,332 | 376,500 |

Maidir leis an iomlán €562,332 i gcostais dlí in 2014, baineann €208,370 (37%) le hOifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus baineann €136,996 (24%) leis an gClár um Chaidreamh san Ionad Oibre.

**6.4 Íocaíochtaí Ilghnéitheacha**

Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna - Ráiteas íocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le hAlt 25(1) den Acht um Sheirbhísí Saothair 1987

| | Iomlán don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014 | Iomlán don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| An méid a fuair an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta | 604,411 | 191,880 |
| An méid a d'íoc an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta isteach sa Státchiste | 604,411 | 191,880 |

Cuireadh deireadh leis an Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna, a bhí socraithe ag 1% d'ioncam iomlán duine, seachas roinnt eisceachtaí, le feidhm ón 6 Aibreán 1999. Leanann an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta uirthi de bheith ag fáil méideanna a bhaineann le híocaíochtaí stairiúla cánacha. Bailítear an Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna ag Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus íoctar é leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ar bhonn míosúil. Íoctar an t-airgead go díreach leis an Státchiste.

**6.5 Dliteanais Theagmhasacha**

Cuireadh Scéim Shealadach um Ráthaíocht Iasacht ar bun i mí na Samhna 2012. Faoin scéim sin, tabharfaidh an Rialtas ráthaíocht pháirteach d'iasachtaí ó iasachtóirí traidisiúnta do ghnólachtaí inmharthana a bhíonn ar imill chinntí a bhaineann le hiasachtú tráchtála agus a mbíonn deacrachtaí acu creidmheas a fháil mar gheall ar dhá chúis ar leith

(i) Comhthaobhacht neamhleor.
(ii) Níl na scileanna ná an taithí ag an iasachtóir measúnú cuí a dhéanamh ar an tairiscint, de bharr easpa eolais ar earnálacha, ar mhargaí nó ar theicneolaíochtaí nua. Cuireadh iasachtaí is fiú €10,930,840 san iomlán ar fáil go dtí seo agus is é €820,000 an t-uasnochtadh féideartha don Roinn dá bharr na n-iasachtaí ráthaithe sin.

D'fhéadfadh go mbeadh dliteanas ar an Roinn faoin Scéim Árachais Chreidmheasa Easpórtála. Mainníodh earraí a sholáthar do chuideachta blianta fada ó shin cé go raibh an lastas clúdaithe faoi pholasaí na cuideachta sin. Ní dhearnadh aon éileamh go dtí seo agus níl aon chomhartha go ndéanfar éileamh. Is ionann an t-éileamh uasta a d'fhéadfadh a bheith ann agus níos lú ná €400,000.

Tá an Roinn páirteach i roinnt imeachtaí dlí atá ar feitheamh agus a d'fhéadfadh dliteanais a chur ar an Roinn, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Is éiginnte atá aon mhéid iarbhír agus uainiú na ndliteanas a d'fhéadfadh a bheith ann.

**6.6 Nithe Díscríofa**

Fuarthas cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe méid €16,063,758 a bhaineann le hÁrachas Creidmheasa Easpórtála neamh-inghnóthaithe a dhíscríobh. Leis an Acht Árachais, 1953 (arna leasú), rinneadh foráil le hárachas creidmheasa easpórtála á chur ar fáil ag an Stát, rud a sholáthródh clúdach in aghaidh an riosca nach ndéanfadh ceannaitheoirí i dtíortha thar lear íocaíocht d'fhonn easpórtáil earraí agus sheirbhísí na hÉireann a spreagadh. Le linn oibriú na Scéime (ar cuireadh deireadh léi i 1998), d'íoc an Roinn (trí Chorparáid Árachais na hÉireann) airgead ar an bpolasaí agus d'éirigh an fiachas faoi úinéireacht na Roinne (faoi réir coinníollacha agus eisiaimh áirithe) sa chás gur mhainnigh ceannaitheoir íoc as earraí agus go raibh an choinsíneacht clúdaithe ag polasaí árachais faoin Scéim. Chuaigh an Roinn sa tóir ar ghnóthú an fhiachais sin, a measadh a bheith gan fiúntas i mórán cásanna, ar feadh tréimhse shuntasach mar gheall ar an ionchas diomaibhseach go ndéanfadh na mainnitheoirí íocaíocht agus ar an deacracht a bhain le dul sa tóir orthu go héifeachtach.

Fuarthas cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Vóta a mhuirearú i dtaca le hiarmhéid cuntais fionraí stairiúil a bhí cothrom le €9,420.

**6.7 Calaois, Calaois Amhrasta nó Neamhrialtacht Amhrasta**

Níor thabhaigh an Roinn aon chaillteanais mar gheall ar chásanna tuairiscithe calaoise, calaoise amhrasta nó neamhrialtachta amhrasta in 2014.

**6.8 Tabhairt ar Aghaidh Cistithe**

Faoi fhorálacha Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, tugadh €20,000,000 de leithdháileadh neamhchaite i dtaca le fo-mhírchinn A.5, A.7 agus B.4 ar aghaidh chuig 2015.